# Alt 81AA Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999
# (Aistrithe chuig Feirmeoirí Óga Oilte)
# Foirm Thoilithe le haghaidh Éileamh Aisíocaíochta

Tá feidhm ag an bhfoirm thoilithe seo nuair atá níos mó ná aistrí amháin ann.

Ní gá an fhoirm seo a chomhlánú, áfach, i gceachtar de na cúinsí seo a leanas:

- Má tá na haistrí pósta lena chéile nó i bpáirtnéireacht shibhialta
- Má d'iarr tú ar thíolacóir an tuairisceáin Dleachta Stampa an t-éileamh ar aisíocaíocht a dhéanamh ar do shon.

Sa chás go bhfuil aistrí amháin ag éileamh na haisíocaíochta thar ceann an bheirt acu, ní mór don duine eile an fhoirm seo a chomhlánú. Déanfar an aisíocaíocht chuig an gcuntas atá ainmnithe ag an duine a dhéanann an t-éileamh.

**Toiliú**

Aontaím, a bhfuil m'ainm thíos-sínithe, i ndáil leis an ionstraim lena mbaineann an Deimhniú Stampa ar a bhfuil Aitheantas Doiciméid

[ ] [cuir isteach Aitheantas an Doiciméid],

gur chóir do [ ]

[cuir isteach ainm an duine a dhéanann an t-éileamh]

an t-éileamh ar aisíocaíocht a dhéanamh faoi Alt 81AA den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, agus an aisíocaíocht a fháil chuig an gcuntas a d'ainmnigh siad.

Ainm i mbloclitreacha: [ ]

Síniú: [ ]

Dáta an tsínithe: [ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ][ ]

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.